

MÁIRÍN AN FHIONNAIDH

Rí a bhí ann nach raibh aon duine cloinne aige. Chuaidh a bhean go dtí an sean-dall glic gur fhiafruigh sí de cén bhrígh nach raibh aon duine cloinne aice nó cén t-ughdar.

Dubhairt sé léithe: “Nuair a eireochas tusa ar maidin teirigh isteach chun na coilleadh. Feicfidh tú billeog a’ fás ina leitheid seo d’áit. Beidh drúcht uirthé. Ól dhá bhraon den drúchta – ar a bhfaca tú ariamh ná hól an tríomhadh braon. Chuaidh sí ann agus fuair sí an bhilleog agus d’ól sí an dá bhraon, agus b’fachtas di go raibh sé cho milis is gur ól sí an tríomhadh ceann. Faoi cheann trí ráithe rug sí triúr inghin. Bhí beirt aca ina malraigh ba bhreaghtha a d’fhéad fear nó bean súil a leagan ortha. Bhí an tríomhadh ceann chuile spota ó bhonn a coise go mullach a cinn faoi fhionnadh.

Baisteadh annsin iad agus sé an t-ainm a bhí ortha Cáitín, Sorchá agus Máirín an Fhionnaidh. Cuireadh ar oileamhaint annsin an bheirt Cáitín agus Sorchá nuair a bhí sé in am aca dhul chun na sgoile. Cuireadh chun sgoile annsin iad agus mhéaduigheadar suas ina mná breagh. Ní raibh aon mheas ar Mháirín agus sí an obair a bhí uirthé a bheith i ndiaidh na mbeithidheach ó mhaidin go trathnóna. Lá dá raibh Máirín amuich i ndiaidh a gcuid ba dubhairt Cáitín agus Sorchá go ngabhfaidís a’ tóraidheacht slighe beathadh dófa féin. Chuaidh. Nuair a tháinig Máirín abhaile trathnóna d’fhiafruigh sí den mháthair cá raibh a cuid dreithiúracha. D’innis sí duithe go ndeachaidh siad ar thóir aimsir.

“Dar fiadh féin” adeir Máirín, leanfaidh mise iad.

Lean Máirín dófa. Tháinig an oidhche orthú. Ní raibh fhios aca cé rabhadar a’ dhul agus shuidheadar síos. Tháinig Máirín go dtí iad agus d’fhiafruigh sí díofa ca rabhadar a dhul. Dubhradar léithe nach raibh fhios aca.

“Teanamaidh uaibh liom-sa anois” adeir sí. Shiubhladar leofa agus ní i bhfad go bhfacadar solus uafa. Céard a bheadh ann ach teach rí.

“Teirigh isteach annsin” adeir Máirín le ceann aca. “Iarr lóisdín na hoidhche, do shuipéar anocht, do bhricfeasta ar maidin agus obair.”

Tháinig sí agus bhuail sí an dorus. Tháinig mac an rí agus d’fhosgail sé an dorus agus d’fhiafruigh sé “cé tá annsin?”

“Tá mise” adeir Cáitín, “tá mé ag iarraidh lóisdín na hoidhche, mo shuipéar agus leaba agus mo bhricfeasta ar maidin agus obair.”

Ní dhearna an mac ach a dhul isteach go dtí an rí ina pharlús agus d’innis sé dó.

“Leig isteach í” adeir an rí. Leig.

“Teirigh thusa go dtí an dorus” adeir Máirín leis an dreithiúr eile, “agus iarr an rud céadna. Chuaidh. Tháinig mac an rí go dtí an dorus agus d’fhiafruigh sé de céarda theastuigh uaithe. Dubhairt sí a shuipéar, lóisdín na hoidhche agus a bricfeasta agus obair ar maidin. Chuaidh an mac isteach go dtí

an rí agus d'innis sé dhó, nach bhfaca sé as amharc a dhá shúl ariamh aon bhean ba bhreaghtha ná an bhean a bhí ag an dorus.

"Leig isteach í" adeir an rí, "agus tabhair a béile duithe." Fuair sí sin nuair a tháinig sí isteach.

Nuair a bhíodar istigh tháinig Máirín í féin go dtí an dorus. Tháinig mac an rí agus d'fhosgail sé an dorus. D'iarr sí lóisdín na hoidhche, béile agus obair ar maidin. nuair a chonnaic mac an rí í sgannruigh sé agus fuaidh sé go dtí an t-athair.

"Tá bean ag an dorus a athair" adeir seisean, "nach bhfaca aon fhear ariamh a leithide. Níl aon spota ó mhullach a cinn go bonn a coise nach bhfuil faoi fhionnadh. Tá sí ag iarraidh lóisdín na hoidhche, béile agus obair ar maidin."

"Leig isteach í agus tabhair sin duithe" ars an rí.

Leig. Fuaradar a suipéar an triúr, agus leaba. Cuireadh chaon duine i seomra dófa féin.

Nuair a fuair mac an rí ina gcodladh iad, "mo chrádh Dé" adeir sé, "mura dteighidh mise le ceann aca seo anocht a chodladh." Fuaidh se go dtí dorus ceann de na mná óga. Nuair a leag sé lámh ar a' laiste rinne Máirín luch bheag duithe féin agus chuaidh sí de léim ina chluais. Thóg sé an lámh den laiste agus chuir sé méar ina chluais agus nuair a' d'fhága sí a chluais chuaidh sí ina thóin. D'fhan mac an rí ag an dorus dá chosaint féin idir a chluais agus a thóin go raibh sé ina lá.

D'éirigh siad ar maidin agus fuaradar a mbricfeasta. Nuair a bhí bricfeasta caithte aca tháinig an rí go dtí iad. "Is dóchaidhe" adeir sé le Cáitín, "gur tusa an chéad duine a tháinig isteach. Cén sórt obair a theastócha uait?"

"I mo chócaire" adeir sí.

"Gheobhfaidh tú sin" ar seisean.

"Cén sórt obair a theastuigheanns

"Má théigheann aon bhó liom ar a gcuid talmhan coinneochaidh siad í agus sé a n-iarrfaidh mé ort gan aon bhó a leigean chuca."

"Níl baoghal ar bith orm" adeir Máirín.

Nuair a chonnaic Máirín an féar a bhí ar thalamh na bhfathach chuaidh sí agus leag sí bearna. "Ní bheidh mo chuid ba a' fágáil ocrais agus féar chomh maith taobh istigh den chlaoidhe. Thiomáin sí isteach a cuid ba. Níorbh fhada a bhí siad istigh nuair a tháinig an fathach mór agus thosuigh sé dá dtiomáint leis.

"Cá bhfuil tú dá dtabhairt sin?" adeir Máirín.

"Tá mé dhá dtabhairt liom" ar seisean, "tá siad ag ithe mo chuid féir.

D'éirigh Máirín ina seasamh. Bhí slat draoidheadhta ina láimh. Buaileann sío buille air agus rinne sí carraig de chloich de. Nuair a bhí in am trathnóna aice sheol sí abhaile a cuid ba.

Chonnaic an rí na ba a' tigheacht agus rinne sé iongnadh mór chomh lán agus bhíodar.

"Maith an cailín" ar seisean le Máirín, "thug tú abhaile iad sa gcomhaireamh ceann."

"Nárbh é sin mo chuid oibre" adeir Máirín.

Th'éis a shuipéir d'eirigh an rí amach. "Tá mé sa teach seo leis an fhad seo blianta. Níl aon oidhche ó shoin nach gcluimim trí fead, trí ghlaoth agus trí gháire go dtí anocht. Ní chluimim anocht ach dhá fhead, dhá ghlaoth agus dhá gháire. Níl fhios agam cén t-ughdar."

"Is dócha gur as baile atá ceann aca" adeir Máirín, ní fhéadfaidís a bheith sa mbaile i gcomhnaidhe gan dul ar cuairt in áit eicínt."

"Is dóchaidhe gurbh eadh" adeir a' rí. Bhí baramhail mhaith aige go raibh rud eicínt suas.

Lá ar na bhárach fuaidh Máirín amach le n-a cuid ba aríst. Rinne sí an rud céadna leis an dara fathach. Tháinig sí abhaile trathnóna le n-a cuid ba. B'éigin don rí cúipéaraí a fhághail a'déanamh soithigh le haghaidh bainne na mba. D'eirigh sé amach taréis a shuipéir aríst an dara hoidhche.

"Chuala mé dhá fhead, dhá ghlaoth, dhá gháire aréir" ar seisean, "ach ní chluimim anocht ach glaoth, fead agus gáire agus níl fhios agam cén t-ughdar."

"Muide droch-rath ort" adeir Máirín, "ní fhéadfadh siad a bheith sa mbaile i gcomhnaidhe. Is dóchaidhe gur as baile atá siad."

"Is dóchaidhe liom gurbh eadh" adeir an rí, agus bhí baramhail mhaith aige go raibh rud eicínt suas.

D'imthigh le Máirín lá ar na bhárach le n-a cuid ba. Nuair a bhí sí ag imtheacht thug sí léithe máilín salainn. Níorbh fhada a bhí sí ar thalamh an fhathaigh nuair a tháinig an fathach mór chuite.

"Is dóchaidhe" ar seisean, "gur tú a mharbhuigh mo bheirt dreathár."

"Is mé" ar sise, "agus marbhóchaidh thusa ina cheann sin" ag tarraingt slaitín draoidheachta agus dá bhualadh agus a' déanamh carraige cloiche de ar nós gach ceann. D'imthigh Máirín annsin agus níor stop sí go ndeachaidh sí ag caisleán na bhfathach. Chuaidh sí suas ar bharr an tsimléir agus shuidh sí thuas ar bharr an tsimléir agus dhearc sí síos. Chonaic sí máthair na bhfathach agus ba mhór an chailleach í, agus inghean duithe ina suidhe síos ar an teallach. Máirín a bhí ar dhreithiúr na bhfathach.

"Eirigh, a Mháirín" ars an chailleach. "Cuir síos an pota, tá ocras orm go ndeanamuid pota brochán nuair nach bhfuil an fear seo a' tigheacht abhaile."

D'eirigh Máirín agus chuir sí síos an pota mór. Nuair a bhí an t-uisge te chuir an chailleach min air. Nuair a fuair Máirín an mhin air sgaoileann sí anuas an máilín salainn a bhí aice ann. Nuair a cheap an chailleach go raibh sé bruingte thóg sí é. Nuair a shíl sí é a ithe bhí sé millte le sughaidh agus le salann.

"Measa a bhéas tú bliain ó indiu" adeir an chailleach, "níor ghlan tú an pota seo nuair bhí tú dhá chur síos" a' breith ar an bpota agus a' caitheamh amach a' raibh sa bpota ar a' tsráid agus da chur síos í féin aríst. Nuair a chroch sí síos é agus nuair a chuir sí min aríst air sgaoileann Máirín an Fhionntha beagán eile salainn a bhí aice anuas. Nuair a thóg an chailleach é agus agus nuair a shíl sí dhul dá ithe bhí sé chomh dona agus bhí an chéad cheann. Nuair a bhlaic sí de "níl fhios agam sa domhan cén t-ughdar atá leis seo" a' dhul isteach agus a' dearcadh suas sa simléar. Chonnaic sí Máirín an Fhionntha ina suidhe ar bharr a' tsimléir.

"Gabh chugam anuas annseo a rascail" ar sise. "Is tusa a mharbhuigh mo thriúr mac."

Tháinig Máirín chuite anuas.

“Well anois tiubhraidh mé an-bhás duit-se i leabaidh an bháis a thug tú do mo chlann.”

“Níl neart air” arsa Máirín.

Bhí mála mór déanta de chraiceann beithidheach ag an gcailleach. Cuireann sí Máirín an Fhionntha isteach ann. Chroch sí suas ar thaobh an bhalla í.

“Fan annsin anois” ars an chailleach, go dteaga mise ón gceardcha go bhfagha mé súiste iarainn agus iall nach gclisfidh go ndéana mé mion-sprúán de do chnámhaí.”

Nuair a fuair Máirín an Fhionntha an chailleach imthighthe d’éirigh sí amch as an mála agus cuireann sí inghean na caillighe isteach ins a’ mála agus cat mór eile a bhí sa teach. Níorbh fhada go dtáinig an chailleach. Tharraing sí iarraidh den súiste ar an mála agus bhuail sí é. Thuit an mála den bhalla anuas ar an talamh.

“Óbh, óbh” ars an inghin. “Méámh, éámh” ars an cat.

“Níl aon mhaith dhuit” ars an chailleach, ag béiceadhach ná ag meamhghail ach déanfaidh mé mion-spruadhán de do chnámha istigh annsin.”

Nuair a bhí siad marbh aice, “Anois tá mé sásta.”

“Atá” adeir Máirín an Fhionntha agus ise ag eirghe amach as an gclúid, a’ tabhairt buille dá slaitín draoidheachta duithe agus a’ déanamh carraig eile de chloich de.

Nuair a bhí sin déanta aice shiubhail sí seomraí an chaisleáin frí na chéile. Chonnaic sí neart óir agus airgid ins chuile sheomra dár shiubhail sí. Chuir sí glas ar na doirse agus chuaidh sí abhaile le n-a cuid ba.

Nuair a d’éirigh an rí tar éis a shuipéir agus chuaidh sé amach.

“Chuala mé athrú aréir dá fhead, dhá ghlaoidh agus dhá gháire. Chuala mé aréir glaoigh, fead agus gáire, ach anocht” adeir sé, “dheamhan glaoigh, fead ná gáire ní chluinim.”

“Ní chluinnir” adeir Máirín, “agus ní chluinfidh tú glaoigh, fead ná gáire uafa aríst go deo.”

“Más fíor sin” adeir an rí, “tá beirt mhac agam-sa sa mbaile. Cuirfidh mé iallach ar mo bheirt mhac do bheirt dreithiúr a phósadh, agus tiubhraidh mé leath mo ríoghthamhlacht do chaoín cheann aca. Tiubhraidh mé slighe bheatha duit-se chúns mhaireas tú in éindigh leof.”

“Sin rud nach n-iarrfaidh mise ort” adeir Máirín. “Fág do chlann mhac pósta leofa. Tabhair do ríoghthamhlacht do cheann aca. Tiubhraidh mise caisleán an fhathaigh agus talamh an fhathaigh don cheann eile. Nuair a bhéas sin déanta gabhfaidh mise abhaile agus tá teach agam chomh breagh le ceachtar aca.”

Nuair a bhí an bheirt dreithiúr pósta agus chaon duine aca ina áit féin, d’fhága Máirín slán agus beannacht aca agus tháinig sí abhaile.

Bhí mac ag an rí a bhí imthighthe ins na réagúin le fada agus tháinig sé abhaile. Nuair a chonnaic sé go raibh a dhreatháir i gcaisleán an fhathaigh agus an bhean bhreagh a bhí pósta aige rinne sé iongnadh mór de. D’fhiafruigh sé den athair cén chaoi a bhfuair sé na fathaigh marbh as a’ gcaisleán. D’innis an t-athair dó faoi Mháirín an Fhionntha.

"Well" adeir sé, "dheamhan an dara béile a íosfas mise ar aon bhord ná an dara hoidhche a chodlóchas mé in aon leabaidh go bpósfaidh mé í sin ó tharla go raibh sí chomh maith sin."

Níor stop sé araimh go dtáinig sé isteach ag Máirín an Fhionntha. Bheannuigh sé duithe agus bheannuigh sí dhó.

"An tusa an bhean a mharbhuigh na fathaigh agus a bhfuil do dhreithiúracha pósta ag mo dhreatháracha?"

"Is mé go cinnte" ar sise.

"Bhuel a' bpósfá mise anois?" ar seisean.

"Bhfuil a' rádh go bpósfá mo leithide de bhean?"

"Táim go cinnte" ar seisean, "is le n'aghaidh sin a tháinig mé annseo."

"Tá tú a' tabhairt toil mé a phósadh" ar sise "sa gcomraidheacht a bhfuil mé ann."

"Táim" ar seisean.

"Fan annsin go fóilleach" ar sise. Chuaidh sí isteach sa seomra agus thuit an fionnadh duithe óna cloigeann go bonn a coise agus ní raibh gaoir ar bith ag na dreithiúracha a bheith chomh breagh léithe. Nuair a bhí sí nite glanta gléasta tháinig sí chuige aniar.

"Anois" adeir sí, "a bhfeiceann tú mé?"

"Ní féidir" adeir sé, "gur tú atá agam ann ins a' gcomraidheacht sin?"

"Is mé" ar sise, agus ní thuitfeadh an fionnadh go bráthach anuas dhíom go go bhfághainn mac rí a bhéarfadh toil mé a phósadh ins an gcomraidheacht a raibh mé ann."

Fuaidh siad agus phósadar. Nuair a phósadar chuireadar síos an ceiteal agus d'óladar tae agus mara rabhadar sásta tá súil le Dia agam go mbeidh muide.

An Mám 23/8/1933